

Gaelscoileanna



Urraithe ag
Foras na Gaeilge

San Eagrán Seo:

Nuacht na hEarnála	1
Scéalta na mBunscoileanna	2
Scéalta na nIar-bhunscoileanna & na nAonad	3
Nuacht na hEagraíochta	4
Pleanáil Scoileanna	6
Forbairt Ghairmiúil Scoileanna	7
Nuacht an Tuaiscirt	9
Gailearaí	10 & 11
Acmhainní	12 & 13
Nuacht Ghinearálta	16
Tuairiscí Imeachtaí Idirscóile	18 & 19

Nuachtlitir an Earraigh

"....chun an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal ar fud fad na hÉireann."

Cosain an Cóimheas!

Cé gur gheall an Rialtas nach mbeadh aon athrú ag teacht ar an gcóimheas daltaí le múinteoirí i mbliana, is léir nach raibh siad ag smaoineamh ar na gaelscoileanna nuair a rinneadh an ráiteas sin. I measc na ciorraithe a fógraíodh le déanaí laistigh den Roinn Oideachais, tá moladh ann go gcuirfí an cóimheas dalta le múinteoirí céanna i bhfeidhm sna bunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht is atá i bhfeidhm sna scoileanna lán-Bhéarla.

Tubaist é seo do na scoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil idir triúr agus ochtar múinteoirí acu, ach go háirithe. Tá suas go 25 scoil a chaillfidh múinteoir amháin má chuirtear an moladh seo i bhfeidhm. Caillfidh trí scoil eile beirt mhúinteoirí **agus** beidh ar na príomhoidí fillleadh ar ais ar an seomra ranga. Ardófar líon na ndaltaí sna ranganna agus beidh go leor ranganna meascaithe

ann le líon ard daltaí iontu dá bharr. Bheadh ar roinnt scoileanna idir 17-23 daltaí sa bhreis a thabhairt isteach sa scoil i Meán Fómhair 2011 leis na múinteoirí thuasluaite a choimeád, líon nach bhfuil réadúil dóibh mar nach scoileanna atá ag forbairt atá iontu den chuid is mó. Aon uair a athraíodh an sceideal go dtí seo is dalta nó beirt sa bhreis a bhí de dhíth!! Athrú raidiceach, tromchúiseach atá san athrú seo. Soláthraíodh an sceideal níos ísle do na scoileanna lán-Ghaeilge i bhfianaise na hoibre bhreise a bhíonn ar siúl iontu de bharr sealbhú na Gaeilge agus dúshlán ó thaobh acmhainní de. Tá Gaelscoileanna Teo. maraon leis an bhForas Pátrúnachta ag troid go láidir ar son daltaí na ngaelscoileanna leis an sceideal seo a choimeád trí phlé leis an Roinn Oideachais, le Cumann Múinteoirí Éireann agus le stocaireacht ar pholaiteoirí.

Dátaí don Dialann

Comhdháil Bhliantúil

GAELSCOILEANNA TEO.

25 & 26 Samhain 2011

An Tulach Mhór



Scéalta na mBunscoileanna

Brat Glas eile faighte ag Gaelscoil Bhaile Munna

Bhí ceiliúradh mór i nGaelscoil Bhaile Munna le déanaí nuair a bronnadh an dara Brat Glas ar an scoil. Bhí Ian Dempsey ó Today Fm agus Kathryn Mc Kiernan ó Kazoo i láthair chun an brat a ardú linn.

Fuaireamar an dara Brat Glas toisc gur shábháil agus gur laghdaigh muid an méid fuinnimh a úsáideann an scoil. Rinne siad scrúdaithe ar na ranganna chun a chinntiú go raibh siad aerdhíonach agus rinne siad iniúchadh ar idiú fuinnimh sna ranganna i rith an lae. Nuair a bhí siad críochnaithe, roinn siad a gcuid saineolais faoi laghdú úsáide fuinnimh sa scoil leis na páistí eile.

Anois, tá páistí, múinteoirí agus tuismitheoirí ag múchadh soilse ar laethanta geala, ag dúnadh an dorais sa seomra ranga nuair atá an teas ar siúl, ag múchadh buacairí agus go leor eile.

Sheinn an Banna Scoile ar an lá, rud a chuir go mór leis an gceiliúradh. Tháinig Raidió na Gaeltachta chun na scoile freisin le hagallaimh a chur ar thuismitheoirí, ar pháistí agus ar mhúinteoirí.



An Brat Glas á ardú ag Ian Dempsey ó Today FM agus Kathryn McKiernan ó Kazoo

Ceiliúradh Cúig Bliana is fiche Gaelscoil Dhún Dealgan



Is ábhar lúcháire agus ábhar mórtais dúinn go bhfuil Gaelscoil Dhún Dealgan ag ceiliúradh breithlae cúig bliana is fiche.

Is é an tUasal Pádraig MacCanna

príomhoide na scoile ó 1999. Tá 14 Múinteoirí ag obair sa scoil agus tá thart faoi 200 páistí ag freastal uirthi. Tá ceolfhoireann sa scoil a thugann deis do na páistí a gcuid ceoil a chleachtadh agus a léiriú os comhair an phobail. Lena cois sin, bíonn cór na scoile an-ghnóthach ag cleachtadh gach seachtain

do mhór-ócáidí na scoile agus d'ócáidí sheachtracha cosúil leis an cheolchoirm HALLELUJAH a bhí ar siúl san RDS roimh na Nollag. Ghlac an cór páirt fosta in ócáidí trasteorann a bhí ar siúl le cúpla bliain anuas.

Beidh an ócáid mhór seo á cheiliúradh againn sa tseachtain roimh Lá 'Le Pádraig ag tosú le hoíche cheoil ar an 11 Márta. Beidh tráth na gCeist ar siúl ar an 15 lá agus cuirfear roinnt imeachtaí thaitneamhacha ar siúl do na páistí idir an dá linn. Críochnóidh an ceiliúradh le hAifreann ar an 16 lá Márta i Séipéal an Teaghlaigh Naofa.

"Ní neart go cur le chéile" mana na scoile agus tá lúcháir orm a thuairisciú gur ag dul i dtreis agus i nirt atáimid ag gabháil lá i ndiaidh a chéile.

Scéalta na hIarbhunscoileanna & na nAonad

Eolaí Óg Buaithe ag Coláiste Pobail Osraí



Bhí ceiliúradh i gColáiste Pobail Osraí (meánscoil Gaeilge Cill Chainnigh) nuair a bhuaigh cailíní idirbhliain an chéad duais sinsearach sa rannóg Shóisialta agus lompair ag comórtas BT Eolaí Óg na bliana seo.

Ba í Keire Ní Murchú captaen na foirne buacach agus mhínigh sí an méid a bhí déanta aici i dteannta le Ailís Ní Ghormáin, Caoimhe de Buitléir agus Cáit Ní Mhaolmhuaidh. "Rinneamar iniúchadh ar éifeacht prímeáil ar

iompar dalta bunscoile agus iad i ngrúpaí de seachtar. D'iarramar orthu bheith ciúin i bealach dearfach nó diúltach – sé sin le rá 'suí síos agus bí ciúin' nó 'ná seas suas agus ná déan aon gleo'. Chonaiceamar go raibh a mhalaírt d'éifeacht ag an bhfoirm d'ordú ar bhuachaillí agus cailíní - is fearr ordú diúltach a thabhairt do chailíní agus ordú dearfach a thabhairt do bhuachaillí! Chonaiceamar freisin go raibh níos mó ionbhá ag cailíní ná buachaillí. Ní ionadh mór dúinn sin! Ach bhí níos mó ionbhá ag buachaillí nuair a bhí siad ina dteannta fhéin ná mar a bhí nuair a raibh cailíní ina measc. Táimid an bhuíoch don 450 dalta agus na múinteoirí ó Gaelscoil Osraí, De la Salle agus Baile Mhic Andáin a ghlac páirt."

D'éirigh le dhá tionscnamh eile ón scoil dul chomh fada leis an RDS. Rinne Aaron de Baráin iniúchadh ar thruaillí in aibhneacha agus bhuaigh sé gradam Ard Mholadh ó na moltóirí. Rinne Dubhaltach Ó Maolriada, Aoise Ní Néill agus Molly Ó Broinn anailís pailine ar dríodar locha chun athraithe san éiceachóras le 50 bliain anuas a aithint.

Tallann Nua ó na Scoileanna Lán-Ghaeilge

Tá cuid mhaith cainte faoi láthair faoi bhanna ceoil nua darbh ainm **Fever Felt**. Freastalaíonn baill an bhanna seo ar Choláiste Cois Life, Leamhcán, Baile Átha Cliath agus sheinn siad ar an 'All Ireland Talent Show' ar RTÉ i mí Feabhra ar son an Oirthir.

Tá triúr sa ghrúpa: beirt dheartháir Cian agus Oisín Ó Tarráin agus a gcara Eoghan Konstantin. D'fhreastail an triúr acu ar an ngaelscoil, Scoil Uí Dhálaigh, i Léim an Bhradáin.

Tá an-spéis go deo acu sa Ghaeilge agus i gcultúr na tíre go ginearálta. Thar na blianta, ghlac siad go léir páirt i gcomórtas tallainne na n-Iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge, *Scléip*, (eagraithe ag GAELSCOILEANNA TEO.) Is léir go gcloisimid cuid mhaith ón ngrúpa seo sna laethanta agus sna blianta romhainn.



Fever Felt Abú!!!!

Nuacht na hEagraíochta

Fáilte a Lócháin!



Fuair príomhfheidhmeannach GAELSCOILEANNA TEO., Bláthnaid ní Ghréacháin agus a fear chéile Pádraig Mac Criostail bronnantas Nollaig thar a bheith speisialta i mbliana nuair a rugadh mac leo ar an 3 Nollaig.

Bhain Bláthnaid, Pádraig agus Lóchán beag an-sult as a gcéad Nollaig le chéile agus guímid gach ráth orthu triúr don toadhchaf.

Comhdháil Bhliantúil 2010

Bhí Comhdháil den scoth againn arís i mbliana sa Tulach Mhór. D'fhreastail níos mó daoine uirthi i mbliana ná riamh. Ón aiseolas atá faighte ag GAELSCOILEANNA TEO., bhí na rannpháirtithe an-sásta leis. Bhí an t-ádh linn ceol iontach a bheith curtha ar fáil dúinn ag an dá scoil áitiúil, Gaelscoil an Eiscir Riada agus Gaelscoil Éadan Doire agus ba mhór an onór dúinn bronnadh a dhéanamh ar Mhícheál Ó Muircheartaigh as ucht an méid atá déanta aige ar son na Gaeilge agus na gaeilscolaíochta.

Thosaigh an Chomhdháil le díospóireacht ar an ngaeilgeachas i gcomhthéacs na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge. Bhí plé bríomhar ar an ábhar seo agus ba seo an chéad uair a bhaineamar triail as an bhfóram seo mar chuid den Chomhdháil. Aithníonn an Straitéis go bhfuil ról an-tábhachtach i gcur chun cinn aidhmeanna na Straitéise ag na scoileanna lán-Ghaeilge agus tosóidh an plé arís go luath maidir le Comhdháil 2011. Tá súil againn suirbhé a sheoladh amach chuig na scoileanna

go luath le tuairimí a lorg uathu maidir leis na hábhair a ba mhaith leo feiceáil ar an gclár do Chomhdháil 2011. Tá grianghraif ón gComhdháil le feiceáil ar leathanach 10 agus tá a thuilleadh le feiceáil ar shuíomh idirlín na heagraíochta www.gaelSCOILEANNA.ie.



Iar-Aire Pat Carey agus Mícheál Ó Muircheartaigh ag an gComhdháil Bhliantúil.

Nuacht na hEagraíochta

Fáilte roimh Bhord Stiúrtha GAELSCOILEANNA TEO. 2010-2011

Fáiltimid roimh bhord stiúrtha nua GAELSCOILEANNA TEO. a tháinig i réim ag an gCruinniú Cinn Bhliana 2010. Is iad na baill nua ná:

Norma Ní Chonchúir
Elaine Ní Shé
Pádraig Ó Duinneacha

Gaelscoil Chill Dara, Cill Dara
Gaelcholáiste Luimnigh, Luimneach
Gaelscoil de hÍde, Gaillimh

Is iad Oifigigh an Bhoird don bhliain 2011 ná:

Mícheál Ó Broin
Cathnía Ó Muircheartaigh
Yvonne Ní Mhurchú
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Dealgan Ó Ciarubháin
Máirín Ní Chéileachair
Dr. Micheál Ó Duibh

Uachtarán
Leas-Uachtarán
Rúnaí
Leas-Rúnaí
Cisteoir
OCP
OPP

Gaelscoil Chnoc na Ré
Coláiste Pobail Osraí
Gaelscoil Longfoirt
Gaelscoil Bhaile Brigín
Scoil Chaitríona
Gaelscoil Uí Fhiaich
Comhairle na Gaelscolaíochta

Guímid gach rath ar an mBord Stiúrtha nua agus iad ag tabhairt faoi dhúshláin nua agus leanúnacha san earnáil ag an dá leibhéal.

Fanann na baill seo a leanas ar an mbord i mbliana:

Seán Mag Oireachtaigh (Scoil Chaitríona), Cathal Ó Luain (Scoil Chrónáin), Seán Ó Nuanáin (Gaelscoil Dhonncha Rua), Alison Carruth (Coláiste Cois Life), Deirdre Nic Gabhann (Gaelscoil Riabhach), Conall Ó Cruadhlaoidh (Gaelcholáiste Luimnigh), Póla Ní Chinnsealaigh (Gaelscoil Éadan Doire), Fiona Uí Uiginn (Coláiste Íosagáin) agus Hazel Ní Phiogóid (Gaelscoil Riada). Gabhaimid buíochas leo go léir as ucht a ndúthracht agus a gcuid oibre.



Pleanáil Scoileanna

Easpa aitheantais do ghaelscoileanna nua, ainneoin Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge

D'fhógair an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an 17 Nollaig nach bhfuil ach ceithre cheantar aitheanta acu inar féidir go mbeidh riachtanais do sholáthair bhreise don bhunoideachas do Mheán Fómhair 2011. Na ceantair ná: Cill Dhéagláin i gCo. na Mí agus Baile Bhlainséir Thiar, Mullach Eadrad agus Leamhcán i mBaile Átha Cliath. Cé go bhfuil éileamh láidir ar ghaelscolaíocht sna ceantair sin, tá díomá orainn nach bhfuil aon aird á thabhairt ag an Roinn ar na ceantair eile ar fud na tíre ina bhfuil coistí bunaithe i mbun dianfheachtais le gael scolaíocht a chinntiú dá bpáistí, agus díomá ar leith nach bhfuil aitheantas á thabhairt do Ghaelscoil Ráth Tó, a d'oscail gan cúnamh na Roinne i Meán Fómhair 2010 agus nach bhfaigheann aon mhaoiniú nó tacaíocht ón Roinn, ainneoin an éilimh mhór ar an ngaelscolaíocht sa cheantar.

Níl polasaí ná cur chuige na Roinne maidir leis an ngaelscolaíocht ag luí le Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge, a foilsíodh ar an 21 Nollaig. Scríobhtar sa straitéis go ndéanfar iarracht an córas gaeleoidachais a fheabhsú, ach ní léir go bhfuil an Roinn ag déanamh beart de réir briathar agus ag tacú mar is ceart leis na gael scoileanna. Roimhe seo, d'aithin córas na Roinne i leith scoileanna nua a bhunú an tslí ina fhásann an scoil agus an ról tábhachtach atá aici sa chomhphobal ina

Ceolchoirm

Beidh Ceolchoirm Mór ag Gaelscoil Chill Dara ar son Gaelscoil Rath Tó

Déardaoin, 10ú Márta

Ar siúl i nGaelscoil Chill Dara.

John Spillane, Eoin Dillon
(Kila) & ceoltóirí eile.

Ticéid €10 ar fáil sa scoil.

fheidhmíonn sí. Faoi láthair, is ar déimeagrafach amháin atá cinntí na Roinne maidir le scoileanna nua bunaithe agus is cosúil nach mbaineann rogha na dtuismitheoirí beag ná mór le plan na Roinne do sholáthar breise bunoidreachais do 2011.

Táimid mar eagraíocht ag éileamh ar an Roinn Oideachais aitheantas a thabhairt do Ghaelscoil Ráth Tó agus do na coistí bunaithe gael scolaíochta eile atá ag feidhmiú timpeall na tíre, le freastal a dhéanamh ar an éileamh agus ar an gceart atá ag tuismitheoirí oideachas trí mheán na Gaeilge a fháil dá bpáistí.

Tréasláinn

GAELSCOILEANNA TEO. le
Gaelcholáiste Luimnigh a fuair
aitheantas buan le déanaí. Guímid
gach ráth ar mhúinteoirí, daltaí agus
tuismitheoirí na scoile sa todhchaí.

Go mairfidh sibh bhúr nuacht.



Daltaí Gaelscoil Ráth Tó taobh amuigh den Roinn Oideachais, áit ar bhronn siad litreacha achainí ar an Aire Mary Coughlan le deanaí

Forbairt Ghairmiúil Scoileanna

Seimineár ar Aistear, Síolta agus an Curaclam Bunscoile

Óstán an Alexander, Baile Átha Cliath 2

12 Márta 2011; 9.30 -14.00

Díreoidh an seimineár seo ar an aois-ghrúpa 3-6 bliana d'aois, ach go háirithe, agus conas mar a fhoghlaimíonn siad. Tá saineolaithe ón CNCM agus ón Aonad Beartas Um Oideachas sna Luath-bhlíanta chun labhairt ar conas mar is féidir le naíonraí agus bunscoileanna na treoirilnte agus na curaclaim a úsáid lena chéile leis na torthaí foghlamtha is fearr a bhaint amach do pháistí ón aois-ghrúpa seo. Labhróidh Máire Mhic Mhathúna ó DIT ar leabhrán atá á chur le chéile le cabhrú le scoileanna agus le naíonraí an t-aistriú ó naíonra chuig an bunscoil a éascú do na páistí agus dá dtuismitheoirí.

Tá an seimineár seo á reáchtáil ag GAELSCOILEANNA TEO. i gcomhpháirt le Forbairt Naíonraí Teoranta agus tá sé dírithe ar stiúrthóirí naíonraí, príomhoidí bunscoileanna agus múinteoirí naíonáin.

Comhdháil CAER (Cumann Oideachais na Réigiún Eorpacha)

Óstán Skylon, Baile Átha Cliath 9

24 - 26 Márta

Tá Comhdháil CAER 2011 á eagrú ag GAELSCOILEANNA TEO. i gcomhpháirt le páirtithe eile san Eoraip a bhíonn ag plé le múineadh trí mhionteangacha. Díreoidh an chomhdháil ar an téama "Áit na mionteangacha i bhforbairt an ilteangachais" agus beidh teachtaí ann ó réigiúin eile san Eoraip atá ag plé le hoideachas trí mhionteangacha. Cláraigh do scoil le bheith ann!

Earcú Scrúdaitheoirí Gaeloideachais

Tá CCEA ag croílár phobal Thuaisceart na hÉireann. Mar chuid dá shainchúraim, tá forbairt churaclam scoile agus stiúradh scrúdúcháin agus measúnaithe. Déanaimid dúthracht iarrachta lena chinntiú go gcomhlíonann ár dtáirgí agus ár seirbhísí riachtanais gach foghlaimeora. Mar sin de, tá díograis orainn múinteoirí a bhfuil Gaeilge mhaith acu agus atá ag teagasc ábhar eile a earcú.

Cad chuige a mbeifeá i do Scrúdaitheoir le CCEA?

I measc na dtairbhí duitse:

- Cúiteamh airgeadais
- Líonrú le gairmithe eile
- Teagmháil le réimse leathan freagraí mac léinn
- Éagsúlacht deiseanna
- Iomlán traenála agus tacaíochta



Tá CCEA ag earcú múinteoirí agus léachtóirí láncháilithe atá ag obair faoi láthair nó atá ar scor le scrúdúcháin GCSE agus GCE, a rinneadh trí Ghaeilge, a mharcáil nó modhnóireacht a dhéanamh orthu.

Gheobhaidh tú liosta iomlán de na hábhair agus foirm iarratais ar: www.ccea.org.uk/examiners

Fón: (004428) 9026 1243 nó (004428) 9026 1294. R-phost: appointments@ccea.org.uk

Scéalta Bíobla do Pháistí



SLADMHARGADH!
Sraith de 25 leabhar
+ CD saor in aisce
€50 (+P&P €7.50)

NÓ
3 sraith iomlán
€100 (+P&P €15.50)



Dainéil agus na Leoin,
An Mac Drábhlasach, Zacháias, Sonas na Nollag, Éirí Suas, a Lazaras!,
Cruthú an Domhain, Tagann an Spiorad Naomh, Lagann Íosa an Stoirm,
Aoine an Chéasta agus go leor eile.

“... a worthwhile resource for all schools on a number of levels: as Bible stories, colourful and well-illustrated; as poetry and for drama – they could also be quite easily dramatised. Tá siad go hálainn agus molaim iad.”

- Michael Weed, *InTouch Magazine*, December 2009



ORDAIGH ANOIS!

- Fón: 091-848775
- www.lorlum.ie
- nó tríd an bpost



Lorlum Publishing, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, Éire / Ireland.

Nuacht an Tuaiscirt

Am cláraithe scoile linn arís ó thuaidh

Is am tábhachtach don ghaelscolaíocht ó thuaidh é an bhliain úr, nó is sa tréimhse seo a roghnaíonn tuismitheoirí scoil dá bpáistí. Agus tuismitheoirí ag smaoineamh ar scolaíocht dá bpáistí, cuirfear an cheist cad é atá ag gaelscoil do mo pháiste nach bhfuil ag scoileanna eile?

Is fiú mar sin seo a leanas a mheabhú do thuismitheoirí:

- Léiríonn taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta go mbíonn ardchumas labhartha, tuisceana, scríofa agus léimh sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ag daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna lán-Ghaeilge. Is fíor fosta go mbíonn an leibhéal céanna Béarla nó leibhéal níos fearr ag daltaí gaelscolaíochta agus a fhaightear i scoileanna Béarla. Is amhlaidh seo nó cothaíonn an córas gaeleachais forbairt i bhfoghlaim an Bhéarla.
- Cothaíonn an dátheangachas, rud a bheas ag gach dalta gaelscoile:
 - o deiseanna fostaíochta níos fearr;
 - o meas agus tuiscint níos fearr ar chultúir, ar thraidisiúin & ar theangacha eile;
 - o próiseas níos fearr samhlaíochta agus cruthaitheachta sa dalta;
 - o scileanna níos fearr i réiteach faidhbe
 - o cumais níos fearr cumarsáide;
 - o níos mó féinmhuiníne;
 - o stórfhocal níos saibhre;

Is fiú a thabhairt le fios do thuismitheoirí nach gá dóibh Gaeilge a bheith acu lena bpáistí a chlárú le gaelscoil agus nach aon mhíbhuntaiste é seo don pháiste. Is tábhachtach le rá fosta go bhfuil gaelscoil níos congaráí dóibh ná ariamh agus tá eolas ar fáil ag www.comhairle.org faoi gach scoil.

Tá 45 náiscoil, 34 bunscoil agus 3 meánscoil ar fud na 6 Chontae mar atá sa léarscáil.

Ní amháin go bhfuil teacht fhurasta ar an ghaelscolaíocht do thuismitheoirí sna contaetha thuas ach tá teacht

ar an ghaelscolaíocht i gCo. Lú, Co. Mhuineacháin, Co. an Chabháin agus Co. Dhún na nGall do thuismitheoirí atá buailte leis an teorainn. Dár ndóigh tá rogha sin na gaelscolaíochta sna 6 chontae ag tuismitheoirí a bhfuil cónaí orthu sa taobh ó dheas den teorainn.

Tá earnáil na gaelscolaíochta ag dul i neart ó thuaidh mar atá le feiceáil sa ghráf thíos, rud a léiríonn éileamh don ghaelscolaíocht agus rud atá mar fhianaise ar an ardchaighdeán oideachais atá ar fáil sna gaelscoileanna. Fáiltíonn Comhairle na Gaelscolaíochta agus GAELSCOILEANNA TEO. roimh fhiosruithe ó mhúinteoirí agus ó thuismitheoirí.




Gailearaí na Comhdhála



Daltaí ó Ghaelscoil Éadan Doire ag tabhairt cuairt ar an gComhdháil.



Dónall Ó Conaill (Iar-Stiúrthóir An Foras Pátrúnachta), Leah Ní Mhaoláin (Príomhoide Gaelscoil Uí Earcáin) & Iar-Aire Pat Carey.



Micheál Ó Muircheartaigh ag seoladh 'Spreag an Ghaeilge le Spraoi'.
Uachtarán GAELSCOILEANNA TEO.,
Mícheál Ó Broin, sa chúla.



Cigire Roinn Oideachais Eamonn Murtagh le daltaí as Gaelscoil an Eiscir Riada & Gaelscoil Éadan Doire.

Tuilleadh griangraif ón
gComhdháil le feiceáil ar
www.gaelscoileanna.ie



Ceol á sholáthar ag daltaí
Ghaelscoil an Eiscir Riada

Earrach 2011

Gailearaí



Taighdeoirí Ollscoil na Banríona a ndearna cur i láthair ag an seimineár taighde Thuaidh / Theas ar an ngaeloideachas a eagraíodh ar an 17 Eanáir 2011

Griangraif ó bhabhtaí réigiúnacha *Scléip*
le feiceáil ar www.gaelscoileanna.ie



Daltaí ó rang 4 & 5 i nGaelscoil Uí Éigearthaigh ag ceiliúradh breithlá 25 bliain na scoile le seó speisialta don Nollag

Acmhainní

Tacaíocht ón tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe

Is seirbhís chomhairleoireachta agus tacaíochta saor in aisce agus faoi rún í an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe (EAS). Bunaíodh í i 2006 do mhúinteoirí agus dá mbaill clainne le tacaíocht chomhairleoireachta atá faoi rún agus a bhfuil teacht air go héasca a sholáthar dóibh ar bhonn 24 uair a' chloig, 365 lá na bliana.

Méadaíodh an éileamh ar na seirbhísí seo i 2010, agus cabhair á lorg ag ós cionn 700 múinteoirí le saincheisteanna a bhain le cúrsaí airgeadais, sláinte, ceisteanna clainne, caidrimh, andúil, méala, strus, coimhlint, teagmhas criticiúil agus eile.

Tá an tseirbhís seo ar fáil do mhúinteoirí agus lucht SNA, a bpáirtithe, a gcleithiúnacha ós cionn 16 agus a dtuismitheoirí.

Is é an VHI a sholáthraíonn an EAS agus tá treoirlinnte eitiiciúla dochta agus cóid chleachtais á leanúint ag a bhfoireann a chiallaíonn go bhfanfaidh aon teagmháil le muinteoirí, lucht

SNA agus a gclainn faoi rún. Cinntítear comh maith nach cuirtear aon eolas faoi mhúinteoirí ar fáil d'aon duine gan a dtoiliú scríofa. Is i dtéarmaí ginearálta agus ar bhonn gan ainm a sholáthrófar aon aiseolas chuig an Roinn.

Cén saghas seirbhísí atá ar fáil?

- Comhairleoireacht Theileafóin – seisiúin aonair nó comhairleoireacht struchtúrtha ghearr-théarmach.
- Comhairleoireacht duine le duine – suas go sé seisiúin chomhairleoireachta.

Tá líon teoranta de chomhairleoireacht duine le duine ar fáil trí Ghaeilge in Áth Luain, Co. an Chabháin, Baile Átha Cliath, Inis, Gaillimh agus Trá Lí.

Teagmháil - Saorghlao 1800 411 057 nó Rphost: eas@yhics.ie. Breis eolais faoi EAS ar www.education.ie

Green Schools as Gaeilge

Tá obair aistriúcháin ar bun ag GAELSCOILEANNA TEO. faoi láthair ar shuíomh idirlín www.greenschools.ie agus tá súil againn go mbeidh leagan Gaeilge den suíomh ar fáil faoi dheireadh mhí Feabhra. Aithníonn an suíomh seo tábhacht na timpeallachta d'ár saol agus ardaíonn sé feasacht timpeallachta na scoileanna trí scéimeanna athchúrsála agus cothabhála fuinnimh a mholadh agus a urrú.

Bíonn an-tóir ar an suíomh seo i measc na scoileanna lán-Ghaeilge, ach go dtí seo, ní raibh an tseirbhís seo ar fáil trí Ghaeilge. Tá 'Brat Glas' (dámh speisialta do scoileanna a shábhálann fuinneamh agus a thaispeánann feasacht timpeallachta) bainte amach ag cuid mhór mhaith scoileanna lán-Ghaeilge go dtí seo.



Jenny an Chearc Bheag Dhonn

Tá leabhar nua foilsithe ag Dolores Keaveney darbh ainm 'Jenny An Chearc Bheag Dhonn' agus beidh sé á lainseáil i leabharlann an Mhuileann gCearr le linn Seachtain na Gaeilge.



Tá ard-mholadh faighte ag an leabhar seo ó údair éagsúla:

'Scéilín gleoite do leanaí óga' – Siobhán Parkinson, údar clúiteach.

'Sporad gliondrach sa scéilín gleoite seo, le hionmhánna mealltachta agus ábhar dóchasach, dearfach – grá gan srian don nádúr soiléir i ngach léaráid' - Manchán Magan, údar, láithreoir TG4.

www.doloreskeaveney.com

Acmhainní

DVD nua ag Gaelscoil Chaladh an Treoigh



oideachas iomlánaíoch ar fáil trí réimse leathan gníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim a chur ar fáil – ag spreagadh gach páiste chun a c(h)umas pearsanta a bhaint amach.

Cothaítear cultúr na hÉireann sa scoil trí ghníomhaíochtaí cultúrtha Éireannacha; ceol, rince Gaelach agus cluichí Gaelacha a chur chun cinn. Cuirfear ceachtanna fíde, feadógaí stáin agus cóir ar siúl maraon le gníomhaíochtaí drámaíochta, filíochta agus seanchais chun cur leis an bhfoghlaim cultúrtha.

Suite ar Bhóthar Mhóin a Lín i Luimneach, is í Gaelscoil Chaladh an Treoigh an t-aon scoil sa cheantar atá ag soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge. Bunaíodh an ghaelscoil sa bhliain 2001 le múinteoir amháin ach tá fás agus forbairt ollmhór tagtha uirthi ó shin. Faoi láthair, freastalaíonn níos mó ná 225 daltaí ó chúlráí difriúla cultúrtha agus creidimh ar an scoil agus tá cúigear múinteoirí dhéag fostaithe inti. Is í aidhm Ghaelscoil Chaladh an Treoigh ná oideachas uileghabhálach i dtimpeallacht foghlama oscailte a chur ar fáil - áit a mbíonn meas ar uathúlacht gach páiste. Cuirimid

D'oibrigh páistí na Gaelscoile go dian chun an DVD seo le hamhráin agus rincí scoile a léiriú agus tá súil againn go mbainfidh sibh sult as.



Acmhainní Nua ó COGG

IARBHUNSCOILEANNA

GEO (Edco)– leagan Gaeilge de GEO - Leabhar Tíreolaíochta nua don Teastas Sóisearach ag teacht go luath. Maoinithe ag COGG.

Seandálaíocht sa Seomra Ranga don Idirbhliain.


Lámhleabhar an Mhúinteora, Bíleoga Oibre, agus sleamhnáin powerpoint. Beidh sé ar fáil ar shuíomh COGG agus ar shuíomh Ionad Oideachais Luimnigh go luath. Comhpháirtíocht idir Ionad Oideachais Luimnigh, An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht & Rialtas Áitiúil agus COGG

An Cúrsa Iomlán Staire – Leabhar staire don Teastas Sóisearach scríofa ag Tomás Óg Ó Céilleachair. Ar fáil ó www.lettertec.ie.


BUNSCOILEANNA

Ag Spreagadh na Gaeilge le Spraioi

Áis luachmhar, fhíorúsáideach is ea 'Spreag an Ghaeilge le Spraioi' chun cabhrú le múinteoirí an Ghaeilge a spreagadh. Chuir an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna (SFGB) an pacáiste teagaisc seo le chéile.



NUA



Dialann Dúlra

le Tony McNally

ISBN 978-0-9567283-0-2

112 Pages

bog €8.00 / €6.00

Leabhar gleoite é seo ó pheann eolach Tony McNally. Lánmhaisithe agus ina threoir ó mhí go mí don té, don tuismitheoir, don mhúinteoir nó don dalta gur dúil dó nó di dúlra agus nádúr na hÉireann. Leanann Tony na seasúir ó Eanáir go Nollaig. Raidhse grianghraf daite. Foclóirín ar bhun gach leathanach agus gluais tritheangach níos iomláine ag deireadh an leabhair



Éanna Ní Lamhna agus Tony McNally ag seoladh Dialann Dúlra i bhForas na Gaeilge

Dialann Dúlra	1 - 4 cóip	€8.00 an ceann
Dialann Dúlra	5 + cóip	€6.00 an ceann

Postas saor in aisce

info@gaelink.ie 071 96 48965 087 258 1529

Gaelink Design, Doire an Fhuaráin, Co. Liatroma

www.gaelink.ie

ateangaireacht interpretation dearadh grafach graphic design aistriúchán translation clódóireacht printing

www.gaelink.ie




Uimhir Chláraithe - 212669



Cló Iar Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Teil: 091 593307 R-phost: cic@iol.ie Suíomh idirlín: www.cic.ie



DEIREADH BÁIRE

Caitríona Ní Mhurchú



Aoisghrúpa: 9-13

Clúdach bog €8

An cath deiridh dár mbanlaoch cróga Rósmáire!

An tríú heagrán agus an ceann deireanach i dtríológ Chaitríona Ní Mhurchú do pháistí. Sa cheann seo téann banlaoch óg na sraithe, Rósmáire, in adharca lena mór-námhaid, an draoi Fomhórach Caillín, i riocht buachalla bhig shoineanta, i gcath fíochmhar.

Ar fáil freisin . . . na leabair eile sa tsraith



Is gnáthchailín í Rósmáire Ní Ghrifín, nó sin mar a shíleann sí. Tá na gnáthfhadhbanna saoil aici: maistín mór de dheartháir, múinteoir scoile crosta agus an deacracht áit a fháil ar fhoireann peile na scoile. Ní hiondúil go mbíonn an t-ádh léi . . .

Tá catalóg iomlán ar www.cic.ie

Nuacht Ghinearálta

Bua na cainte ag curaidh Chomórtas Uí Chadhain Gael Linn 2011!



Curaidh Chomórtas Díospóireachta Uí Chadhain Gael Linn 2011 don tríú bliain as a chéile, ó Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

TÁ SCOILEANNA i gCo. Bhaile Átha Cliath agus i gCo. na Gaillimhe ag ceiliúradh tar éis a mbua i gCraobh na hÉireann de Chomórtas Uí Chadhain Gael Linn. Comórtas díospóireachta é seo a réachtálann Gael Linn go bliantúil do Ghaelcholáistí agus do mheánscoileanna Gaeltachta. Ghlac breis agus caoga foireann páirt sa chomórtas ó mhí Dheireadh Fómhair seo caite.

Sa chraobh shóisearach, labhair na cainteoirí óga go heolach ar an rún *'Tá na rudaí is luachmháire sa saol seo saor in aisce!'* Bhí an bua ag foireann Cholaíste Eoin, Baile an Bhóthair, Co. Bhaile Átha Cliath ar fhoirne ó Cholaíste Rís, Dún Dealgan, Co. Lú, Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe agus Pobalscoil Chorca Dhuibhne, An Daingean, Co. Chiarraí. Is é Ciarán Ó Duinneacha an múinteoir a chuidigh agus a threoraigh na cainteoirí go dtí an buaicphointe seo!

'Tá an daonlathas in Éirinn loite ag an mionpholaitíocht áitiúil!' an rún tráthúil a pléadh sa chraobh shinsearach. Bhí foirne ó Cholaíste Íosagáin, Co. Bhaile Átha Cliath; Coláiste Eoin, Co. Bhaile Átha Cliath; Coláiste Cholmcille, Co. na Gaillimhe agus Scoil Chuimsitheach Chiaráin, Co. na Gaillimhe páirteach sa díospóireacht bhreá bhríomhar seo a mhúscaill suim, spéis agus fiosracht an lucht éisteachta. Fógraíodh ar deireadh gurb iad foireann Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua na curaidh don tríú bliain as a chéile. Máirín Ní Dhomhnaill agus Máire Ní Fhinneadha na múinteoirí a bhí i mbun na foirne agus iad an-bhródúil as a scoláirí, ní nach ionadh!

Bhronn aoí-chathaoirleach na hoíche, Des Geraghty, Iar-Uachtarán SIPTU buanchorn agus duais €1,000 ar na foirne buacacha agus bronnadh duais €250 an fhoireann ar na foirne eile a bhí rannpháirteach.

Comhghairdeas leo go léir!



Foireann shóisearach Cholaíste Eoin, Baile an Bhóthair, Co. Bhaile Átha Cliath tar éis a mbua ag Craobh na hÉireann de Chomórtas Uí Chadhain Gael Linn 2011

Tuilleadh griangraif ón gcomórtas le feiceáil ar
www.gael-linn.ie



Forbairt Naíonraí Teoranta

Áiseanna spráíúla agus spreagúla d'úsáid na Gaeilge sa seomra ranga nó sa bhaile.
Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin leis na háiseanna go léir a fheiceáil

www.naionrai.ie

FÉILIRE

DLÚTHDHIOSCAÍ



PÓSTAEIR

LEABHAIR

Teil: (01) 853 5101
R-phost: eolas@naionrai.ie

Maoinithe ag:



Tuairiscí Imeachtaí Idirscóile

Bhí an-éileamh ar an scéim deontais d'imeachtaí idirscóile i 2010. Seo thíos roinnt de na scéalta a bhfuairamar ó na scoileanna ina leith:

Tháinig daltaí ón Mhodscoil, Gaelscoil Sáirséal agus Gaelcholáiste Luimnigh le chéile le bliots liathróid láimhe a imirt. Beidh roinnt mhaith de dhaltai na Modhscoile agus Gaelscoil Sáirséal ag freastal ar Ghaelcholáiste Luimnigh amach anseo agus ba dheas an rud dóibh bualadh leis na scoláirí atá ag freastal ar an scoil cheana féin agus feiceáil nach ró-scanrúil an áit i an mheánscoil.

Bhuail páistí Naíscoil an tSratha Báin agus Naíscoil na gCrann le chéile san ionad Playstations ar an Srath Bán. Bhí am amach acu ag súgradh lena chéile agus ag cur aithne ar a chéile i suíomh sultmhar. Shuigh na páistí síos le béile a ithe le chéile agus thug seo

seans dóibh dánta, rainn agus amhráin a roinnt lena chéile agus an Ghaeilge a chloisteáil taobh amuigh den seomra ranga agus ag lucht a gcomhaoise.

Tá Gaelscoil Bhaile Brigín ag obair i dtreo Brat Glas a bhaint amach agus chun cabhrú leo tús maith a chur lena bhfeachtas, thugadar cuairt ar Ghaelscoil Thulach na n-Óg chun buaileadh le Coiste Glas na scoile sin, atá ag feidhmiú le píosa agus go bhfuil an brat glas faighte acu. Roinn daltaí Ghaelscoil Thulach na nÓg an t-eolas a bhí acu go fial agus chuaigh siad ar shiúlóid timpeall na scoile chomh maith chun na rudaí iontacha atá curtha i bhfeidhm acu a fheiceáil ar nós muiríní agus piastlann!

Tá na grianghrafáil agus tuairiscí iomlána le léamh ar shuíomh na heagraíochta, www.gaelscoileanna.ie.



Bliots liathróid láimhe idir An Mhodscoil, Gaelscoil Sáirséal & Gaelcholáiste Luimnigh

Tuairiscí Imeachtaí Idirscoile Gaeltachta

Coláiste Ghobnait & Coláiste Pobail Rath Cairn

Chaith scoláirí ó Choláiste Pobail, Rath Cairn seachtain linn anseo i gColáiste Ghobnait, Inis Oírr an Fómhair seo caite. D'eagraíomar imeachtaí i rith na seachtaine do na scoláirí. Bhí ranganna againn i rith na maidine, siúlóidí um thráthnóna agus cluichí againn san oíche. Ghlac scoláirí ón dá scoil páirt iontu.

Chaith an dá scoil am ar an mórthír chomh maith agus thug na scoláirí go léir cuairt ar Ionad an Mhothair i gCo. an Chláir. Chuaigh siad ar thuras farraige ag bun Aillte an Mhothair, áit a raibh radhairc iontacha acu ar Aillte an Mhothair. Bhain na scoláirí ón dá scoil an-taitneamh as an lá seo. Tá ionad iontach do thurasóirí ag Aillte an Mhothair anois agus thug an treoraí an-chuid eolais do na daltaí.

D'fhéach na scoláirí ar scannán in Aras Éanna, Ionad Ealaíne Inis Oírr agus ghlac siad go léir páirt i dTráth na gCeist Choláiste Ghobnait. Thug muintir Rath Cairn aghaidh ar Rath Cairn arís i ndiaidh dhá lá linne.


Tá ceangal againn le Coláiste Pobail Rath Cairn le timpeall 8 mbliana. Tugaimid cuairt orthu bliain amháin agus tugann siad cuairt orainn an bhliain dar gcionn. Bainimid tairbhe agus taitneamh as na turais. Tá an dá cheantar Gaeltachta an-éagsúil. Nuair a théimid go Rath Cairn, tugann sé deis iontach d'ár scoláirí ceantar lár tíre le tírdhreach an-difriúil a fheiceáil. Eagraímid a lán imeachtaí agus táimid ag súil le cuairt na bliana seo cheana féin!

Mar eolas

Líonra Réigiúnach

Coinnigh súil ar www.gaelscoileanna.ie le haghaidh liosta de na scoileanna sna réigiúin éagsúla agus tuilleadh eolais mar gheall ar na cruinnithe.

Tá breis scéalta ó na scoileanna lán-Ghaeilge (mar aon le heolas faoin eagraíocht agus faoi na scoileanna) ar fáil ar www.gaelscoileanna.ie



Glac Síntiús! SPLUNC!

Greannán spraoiúil do pháistí aois 6-10mbl.
Oiriúnach don seomra ranga!

Líon an fhoirm seo agus seol ar ais chuig:
Splunc!, f/ch Comhlúadar, 7 Sráid Lombard Thoir, BÁC2.

Costas:
1-60 Cóip @ €2.00 an ceann
61+ Cóip @ €1.50 an ceann

Íoc Seiceanna le:
Comhlúadar Teo.

Ainm: _____

Scoil: _____

Seoladh: _____

Líon Cóipeanna: